ACHOIMRE AR MHOLTAÍ LE HAGHAIDH ATHRUITHE AR AN GHNÁTHFHOIRMLE MHAOINITHE - 2010/11

ACHOIMRE AR MHOLTAÍ LE HAGHAIDH ATHRUITHE AR AN FHOIRMLE CHOITIANTA MHAOINITHE - 2010/11

	Reatha	Molta
Aonad Dalta Aois-Ualaithe dalta bunscoile (AWPU)	1.05 AWPU luach in airgead	1.06 AWPU luach in airgead Leis an scair ábhartha maoinithe do dhaltaí bunscoile a mhéadú trí ualú níos airde AWPU
I láthair na huaire meallann gach dalta ullmhúcháin maoiniú deontais i gcabhair arb ionann é agus 0.4 agus de bhunluach in airgead AWPU.	0.4 AWPU luach in airgead	Le deireadh a chur leis an mhaoiniú seo in éifeacht ón 1 Meán Fómhair 2010

Athrú molta in ualú AWPU dalta bunscoile go 1.06 le haghaidh 2010-11

1.1 Ba chóir don athrú molta seo san ualú reatha AWPU a chuirtear i bhfeidhm maidir le daltaí bunscoile scair ábhartha an mhaoinithe a leithdháiltear a bhunscoileanna agus coibhneas maoinithe an dalta a leithdháiltear ar bhunscoileanna i gcomparáid le hiarbhunscoileanna a mhéadú de réir shocruithe na foirmle maoinithe.

1.2 Ní féidir na tionchair ghinearálta a bheadh ar na scoileanna i 2010/11 a fhortheilgean, má aontaítear gur chóir an t-athrú molta don ualú AWPU le haghaidh bunscoileanna a thabhairt isteach. Is amhlaidh atá toisc go mbeidh na fíorthionchair ag brath ar an mhaoiniú foriomlána a bheidh ar fáil le haghaidh scoileanna i 2010/11; cúinsí scoileanna aonair agus próifíl dhaltaí ag an am sin; in éineacht le leasuithe ar bith a tharlaíonn mar gheall ar athbhreithniú bliantúil luachanna airgid a bhaineann le fachtóirí eile san fhoirmle. Ba chóir amharc ar na figiúir thíos mar sin mar fhigiúirí léiritheacha amháin ar thionchar an athruithe ar leibhéil mhaoinithe má chuirtear an t-ualú molta AWPU de 1.06 i bhfeidhm sa bhliain reatha.

1.3 Léiríonn an t-athrú atá á mholadh tiomantas an Aire scair ábhartha an mhaoinithe do dhaltaí bunscoile a ardú, tríd an bhunualú AWPU a ardú de réir a chéile go 1.05 i 2009/10 agus 1.06 i 2010/11 gan drochthionchar a bheith aige ar na scaireanna ábhartha maoinithe le haghaidh naíolanna agus iarbhunscoileanna, léirithe mar chuid d'fhógra an bhuiséid oideachais ar an 12 Feabhra 2008.

1.4 Ba chóir a thabhairt faoi deara gurbh é an aidhm a bhí ann nuair a fógraíodh é seo go mbeadh £3 mhilliún sa bhreis i mbunlíne Bhuiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna le haghaidh 2010/11, lena chinntiú nach mbeadh drochthionchar ag an athrú seo ar scaireanna buiséid na ndaltaí i naíolanna agus in iarbhunscoileanna.
Tháinig athrú mór, áfach, ar an chomhthéacs airgeadais ó shin agus mar gheall ar an srian ar dócha a bheidh ar an bhuiséad ar an bhliain seo chugainn creidimid go mbeadh sé ciallmhar dul i gcomhairle le scoileanna faoi dhá chás éagsúla, .i. an t-ualú méadaithe AWPU le cur i bhfeidhm agus maoiniú breise de £3 mhilliún le cur

san áireamh san ASB; agus an t-ualú méadaithe AWPU le cur i bhfeidhm gan maoiniú breise de £3 mhilliún le cur san áireamh san ASB.

1.5 Dá réir, tá dhá chás éagsúla léirithe thíos:

a) méadú san ualú AWPU le £3 mhilliún sa bhreis i mBuiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna a leithdháilfear ar scoileanna tríd an Fhoirmle Choitianta Mhaoinithe i 2010/11 - ionas gur féidir méadú a bheith in ualú AWPU an dalta bhunscoile le 0.01 gan drochthionchar a chruthú ar na scaireanna ábhartha maoinithe le haghaidh na gcéimeanna eile oideachais); agus

b) méadú ar an ualú AWPU gan maoiniú breise i mBuiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna.

Ualú méadaithe AWPU le £3m de mhaoiniú breise san ASB

1.6 I 2009/10 b'ionann iomlán an mhaoinithe tharmligthe a leithdháileadh ar scoileanna faoi leithdháiltí tosaigh buiséid, ar a dtugtar Buiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna, b'ionann agus £1,106 milliún é. Dá gcuirfí bunualú méadaithe AWPU de 1.06 i bhfeidhm ar iomláine Bhuiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna i 2009/10, agus an £3m dar tagraíodh in alt 1.4 thuas, ardú de bhreis agus £20 i leithdháileadh an dalta bunscoile faoi fhachtóir an AWPU san Fhoirmle Coitianta Maoinithe an toradh a bheadh air seo. Tá an t-áireamh seo bunaithe ar shonraí reatha daltaí agus ar phróifíl scoileanna ar baineadh úsáid astu le haghaidh cuspóirí maoinithe foirmle i 2009/10.

1.7 I dtéarma leathana mar sin, dá gcuirfí i bhfeidhm bunualú AWPU níos airde de 1.06 in éineacht le maoiniú breise de £3m san áireamh i mBuiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna i 2009/10 is amhlaidh go leithdháilfí breis agus £20 an dalta bunscoile, bunaithe ar shonraí reatha 2009/10. Ba chóir a thabhairt faoi deara fosta go gcoinneofaí na leibhéil ábhartha mhaoinithe le haghaidh naíolanna agus iarbhunscoileanna dá ndéanfaí an £3m sa bhreis a ionchorprú i mBuiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna i 2010/11.

Maoiniú AWPU	**Iarbhír** 2009/10 Bun AWPU 1.05 x £2,020.49	**Toradh Ainmniúil (£3m sa bhreis)** Bun AWPU 1.06 x £2,020.49	Difear	%
Dalta Bunscoile	£2,121.51	£2,141.72	£20.21	0.95%

Ualú méadaithe AWPU gan maoiniú breise ar bith san áireamh san ASB

1.8 Dá gcuirfí ualú AWPU de 1.06 i bhfeidhm ar dhaltaí bunscoile ar mhaithe le cuspóirí maoinithe foirmle i 2009/10, gan £3m sa bhreis ón taobh istigh den ASB, dhíbhoilsceofaí fíorluach in airgead an AWPU ar an ábhar go mbeadh níos mó aonad AWPU le roinnt sa méid chéanna de mhaoiniú a bhí ar fáil. Mar gheall ar ualú méadaithe AWPU ainmniúil de 1.06 an dalta bunscoile bheadh 1,532 aonad breise AWPU i ngach scoil, .i. líon iomlán na ndaltaí bunscoile iolraithe faoin mhéadú ainmniúil de 0.01; agus laghdú comhfhreagrach de - £6.92 i luach in airgead an AWPU ar baineadh úsáid as le maoiniú AWPU a leithdháileadh ar gach dalta. Dá bhrí sin bheadh ualú níos airde AWPU ag gach dalta bunscoile (1.06) curtha i bhfeidhm ar luach in airgead AWPU níos ísle (£2013.57) agus an glantoradh a bheadh ann go bhfaigheadh gach dalta bunscoile beagnach £12.87 níos mó dá gcuirfí an moladh seo i bhfeidhm i 2009/10 mar atá léirithe thíos.

Maoiniú AWPU	**Iarbhír** 2009/10 Bun AWPU **1.05 x £2,020.49**	**Samhaltaithe** Bun AWPU **1.06 x £2,013.57**	Difear	%
Dalta Bunscoile	£2,121.51	£2,134.38	£12.87	0.61%

Tionchar ar na céimeanna eile oideachais

1.9 An tionchar a bheadh aige seo ná go laghdófaí na scaireanna ábhartha maoinithe a leithdháilfí ar naíolanna agus ar iarbhunscoileanna faoin fhachtóir AWPU agus faoi fhachtóir bainteach leis an AWPU taobh istigh den CFF. An fáth atá leis

seo ná go gcuirfí na hualaithe AWPU do dhaltaí naíolainne agus iarbhunscoile i bhfeidhm ar luach in airgead an AWPU laghdaithe, mar atá léirithe thíos.

Maoiniú AWPU	**Iarbhír** 2009/10	**Samhaltaithe** 2009/10	**Toradh samhaltaithe**	Difear
Dalta Bunscoile **1.05 x £2020.49**	£2,121.51	Dalta Bunscoile **1.06 x £2013.57**	£2,134.38	**+£12.87**
Dalta Naíolainne **1.452 x £2,020.49**	£2,933.75	Dalta Naíolainne **1.452 x £2013.57**	£2,923.70	**-£10.05**
Dalta Bhliain 8 -12 **1.68 x £2,020.49**	£3,394.42	Dalta Bhliain 8 - 12 **1.68 x £2013.57**	£3,382.80	**-£11.62**

1.10 Áiríodh an maoiniú breise atá de dhíth le luach in airgead an AWPU a aschur, mar a mheastar i gcomparáid le sonraí 2009/10, leis an ardú ainmniúil a cheadú in ualú AWPU dalta bunscoile gan drochthionchar a imirt ar na scaireanna ábhartha maoinithe le haghaidh an gcéimeanna eile oideachais, ar an dóigh seo a leanas:

447,051 AWPU's x £6.92 (arb é an méid é atá de dhíth le luach in airgead reatha an AWPU de £2,020.49 a aschur) = £3.09m.

Maoiniú Dalta Ullmhúcháin.

I láthair na huaire meallann daltaí ullmhúcháin maoiniú deontais i gcabhair arb ionann é agus 0.4 agus de bhunluach in airgead Aonad Dalta Aois-Ualaithe (AWPU).

Is rún é go léireoidh an maoiniú 30% de na costais ghaolmhara cheadaithe teagaisc agus aithníonn an ráta níos ísle de dheontas i gcabhair i rannóga ullmhúcháin i scoileanna gramadaí gurb é seo rogha oideachais thuismitheoirí na ndaltaí seo, agus gurb é an príomhchritéar iontrála ná cumas an tuismitheora an táille a ghearrann an scoil a íoc.

2.2 I láthair na huaire tá beagnach 2,426 dalta (arb ionann é agus 1.5% de dhaonra na bunscoile) ag freastal ar na 16 roinn ullmhúcháin i roinnt scoileanna gramadaí.

Uathu siúd, is scoileanna gramadaí deonacha iad 13 acu (2,080 dalta) agus scoileanna gramadaí rialaithe 3 acu (346 dalta) i mBord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt (SEELB). Le blianta beaga anuas bhí meath ar líon na ndaltaí ó 3,358 i 1998 chuig an fhigiúr reatha. Leithdháileadh maoiniú iomlán dheontas i gcabhair faoi £1.961m le haghaidh na ndaltaí seo i 2009/10 faoin Fhoirmle Choitianta Mhaoinithe.

2.3 Léirigh An tAthbhreithniú Straitéiseach Neamhspleách ar Oideachas (Tuarascáil Bain), a foilsíodh i Nollaig 2006, an cheist seo faoi mhaoiniú scoileanna ullmhúcháin.

I dtaca le leithdháileadh an bhuiséid oideachais, chuir sé in iúl:

> *"Ní mór do chothromas a bheith ag croílár an leithdháilte seo. Mar gheall air seo, tá páirtmhaoiniú rannóga ullmhúcháin a ghearrann táillí i scoileanna gramadaí aimhrialta. Ní féidir ach le leanaí a bhfuil sé d'acmhainn ag a gcuid tuismitheoirí an táille riachtanach a íoc rochtain a fháil ar an ghné seo de sholáthar fóirdheontas tarmligin. Tá cuma ar an scéal gur úsáid mhíchothrom de mhaoiniú poiblí é seo agus go bhfuil sé neamhiomasach i gcóras maoinithe atá ag bainistiú brúnna leibhéil aird de thoilleadh breise ag an am chéanna. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an réasúnaíocht don ghné seo de chaiteachas a bhaineann le scoileanna agus ba chóir amharc ar a thodhchaí*

maidir le cothromas agus i gcomhthéacs na mbrúnna móra atá ar an bhuiséad oideachais".

2.4 Príomh-mholadh de chuid Thuarascáil Bain (Moladh 4) ba ea *"Gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an réasúnaíocht le rannóga ullmhúcháin a mhaoiniú i scoileanna gramadaí".*

2.5 Ar aon dul le moladh 5 de Thuarascáil Bain, choimisiúnaigh An Roinn Oideachais (DE) in Eanáir 2009 Seirbhís Comhairliúcháin Ghnó (BCS) den Roinn Airgeadais agus Pearsanra tabhairt faoi athbhreithniú ar mhaoiniú do rannóga ullmhúcháin i scoileanna gramadaí agus chun tuarascáil a chur ar fáil don Roinn.

2.6 Mar achoimre, chonclúidigh an Tuarascáil BCS nach bhfuil aon dualgas ar an Roinn maoiniú a chur ar fáil don rannóga ullmhúcháin scoileanna gramadaí agus gur chóir don Roinn amharc ar mhaoiniú a bhaint ar shiúl ó rannóga ullmhúcháin mar gheall ar chothromaíocht rochtana. Tá fianaise sa tuarascáil a thacaíonn le maoiniú a bhaint ar shiúl ó rannóga ullmhúcháin scoileanna gramadaí mar gheall ar chomhionannas deiseanna agus maíonn sé gurb é dearcadh an BCS nach léiríonn sé seo ceisteanna suntasacha ar bith riosca i dtéarmaí an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar an bhuiséad oideachais nó ar chumas an toillte reatha in eastát na scoile gluaiseacht ar bith daltaí a d'fhéadfadh a bheith ann ó rannóga ullmhúcháin chuig bunscoileanna eile.

2.7 Dá réir, moltar gur chóir deontas i gcabhair le haghaidh daltaí ullmhúcháin a bhaint ar shiúl ón 1 Meán Fómhair 2010. Tá cinntí ar bith, áfach, ag an Aire faoin mholadh le deontas i gcabhair a bhaint ar shiúl ó rannóga ullmhúcháin faoi réir Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais (EQIA) iomlán.

2.8 Glactar le hathruithe ceadaithe ar an fhoirmle choitianta mhaoinithe go hiondúil agus cuirtear i bhfeidhm iad ón 1 Aibreán sa bhliain chuí. As siocair go mbeidh leanaí cláraithe ag a dtuismitheoirí sna rannóga ullmhúcháin don bhliain acadúil iomlán 2009/10, moltar go rachadh baint ar shiúl tacaíocht maoinithe le haghaidh daltaí ullmhúcháin i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2010 le réamhfhógra a thabhairt do scoileanna agus do thuismitheoirí faoin rún sin. Bheadh athrú ar bith ar na socruithe

reatha maidir le maoiniú daltaí ullmhúcháin, faoi réir phróiseas leithleach an EQIA, i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2010 ar aghaidh. De dhéanta na fírinne, ciallaíonn sé seo go gcoinneofaí na socruithe maoinithe le haghaidh daltaí ullmhúcháin don chuid eile den bhliain acadúil 2009/10 .i. a fhad le deireadh Lúnasa 2010.